CÁRTAÍ SCILE

# An Lúb-Chic

Úsáidtear an cic seo ar mhaithe le céile comhraic a sheachaint i gcásanna nach mbíonn an peileadóir ag gluaiseacht sa treo céanna leis an gcic, nó nuair a bhíonn uile níos fábhraigh á lorg



## Cloigeann

Súile ar an liathróid feadh an ama

## Lámha

Fág an liathróid sa lámh ar thaobh na ciceála
Rosta sínte amach, ligtear leis an liathróid chuig an gcos chiceála

## Cosa

Seas ar uille 90 leis an targaid agus do ghualainn iompaithe ina threo
Céim chun cinn leis an gcos neamh-chiceála
Ciceáil an liathróid le trácht na coise agus déan leanúint trasna na colainne i dtreo na targaide

## Teicníc

Cic dronuilleach a thabhairt don liathróid

## Príomh-phointí

1. Greim daingean ar an liathróid leis an dá lámh
Cloigeann fút, súile ar an liathróid

2. Iompaigh an ghualainn i dtreo na targaide agus tabhair céim chun cinn leis an gcos neamh-chiceála
Fág an liathróid sa lámh ar thaobh na ciceála agus sín amach an lámh eile ar mhaithe le cothromaíocht

3.. Sín amach an rosta agus lig leis an liathróid titim ar an gcos chiceála
Ciceáil an liathróid le trácht na coise
Déan leanúint trasna na colainne i dtreo na targaide agus na méara dírithe aníos



## Botúin Choitianta

### Botún 1

☹ Casadh timpeall ag tabhairt aghaidh ar an targaid – lasc-chic a tharlaíonn dá bharr

☺ Iompaigh an ghualainn i dtreo na targaide agus ciceáil go dronuilleogach leis an treo ina bhfuil aghaidh an imreora. Déan leanúint trasna na colainne.

### Botún 2

☹ Botún eile a dhéantar go minic go leor is ea ligean leis an liathróid ón lámh nach bhfuil ar thaobh na ciceála

☺ Ba chóir ligean leis an liathróid ón lámh ar thaobh na ciceála agus úsáid a bhaint as an lámh eile ar mhaithe le cothromraíocht

